An Roinn Oideachais
Department of Education

## AN ROINN OIDEACHAIS

## RIACHTANAIS IONTRÁLA DO CHÚRSAÍ OIDEACHAIS MAR MHÚINTEOIR BUNSCOILE 2024

## COMÓRTAS DO SCOLÁIRÍ LÁNFHÁSTA

# DEPARTMENT OF EDUCATION

# ENTRY REQUIREMENTS FOR INITIAL TEACHER EDUCATION COURSES FOR PRIMARY TEACHERS 2024

# MATURE STUDENTS’ COMPETITION

## 1. Iarratais ar iontráil ar Chlár Céim Baitsiléara Oideachais mar mhac léin lánfhásta.

Céim Bhaitsiléara Oideachais (B.Ed.) arna bronnadh ag na hInstitiúidí Ardoideachais (IAO) seo a leanas do mhúinteoirí bunscoile:

- Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach
- Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9
- Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad.

(Tá na sonraí teagmhála do na hInstitiúidí Ardoideachais ar fáil in Aguisín 1).

Déantar iarratais tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO) faoin Déardaoin 1 Feabhra 2024. Ní mór d'iarratasóirí lánfhásta a bheith 23 bliana d'aois ar a laghad faoin 1 Eanáir sa bhliain ina ndéantar an t-iarratas (i.e. ar 1 Eanáir 2024 don iontráil sa bhfómhar 2024)

Féadfar daoine a chríochnaíonn an cúrsa seo go rathúil a chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 1: Bunscoil. Nasc chuig an Suíomh Gréasáin: https://www.teachingcouncil.ie.

## 2. Íosriachtanais Acadúla 2024 – Scrúdú na hArdteistiméireachta.

### (a) Na híosghráid is gá in ábhair riachtanacha

| **Ábhar** | **Gaeilge** | **Matamaitic** | **Béarla** |
|---|---|---|---|
| **Íosghrád**[1] | H4 | H7 nó O4 | H7 nó O4 |
| **% Marc** | 60%< 70% | 30%<40% nó 60%<70% | 30%<40% nó 60%<70% |

H – Ardleibhéal
O – Gnáthleibhéal

[1] Féach Aguisín 3 do na gráid choibhéiseacha sna scéimeanna marcála roimh 2017

**(b) Gráid ghinearálta a bhfuil gá leo san Ardteistiméireacht.**

Mar aon leis na híosghráid riachtanacha i nGaeilge, Béarla agus Matamaitic a bhaint amach, caithfidh mic léinn na gráid seo a leanas a ghnóthú ina gcuid torthaí i gcoitinne.

- Grád H5 (50%<60%) ar pháipéar Ardleibhéil i dtrí ábhar ar a laghad
- Grád O6 (40%<50% Gnáthleibhéal) nó H7 (30%<40% Ardleibhéal) i dtrí ábhar eile i gcomhréir le Rialacha agus Clár na Mheánscoileanna.

Tá na gráid agus % marcanna i scéim grádaithe 1992-2016 agus i scéim grádaithe nua 2017 leagtha amach in Aguisín 3.

**Comhcheangal torthaí i Scrúduithe éagsúla na hArdteistiméireachta**

Is féidir le hiarratasóirí torthaí a gnóthaíodh i Scrúdú na hArdteistiméireachta i mblianta éagsúla a chomhcheangal ar mhaithe leis na riachtanais acadúla a chomhlíonadh.

**Roghanna inghlactha eile seachas cáilíocht dara leibhéal i nGaeilge, Béarla nó Matamaitic**

Glacfar le Pas i Scrúdú Ollscoile *Ealaíon na Chéad Bhliana* sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic de réir mar is cuí ag an Institiúid/na hInstitiúidí Ardoideachais in ionad Scrúdú na hArdteistiméireachta nó riachtanas GCE/GCSE don ábhar ábhartha.

**Roghanna inghlactha eile seachas cáilíocht dara leibhéal sa Ghaeilge**

- Grád C a gnóthaíodh sa Scrúdú Máithreánaigh (a bhí ann go dtí 1992)
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1, NUIG
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2, NUIG
- Dioplóma sa Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag Leibhéal B2, Ollscoil Mhá Nuad (www.teg.ie)
- Dioplóma sna hEalaíona (Gaeilge Fheidhmeach), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach, CÓBAC
- Dioplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Dioplóma sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh

**Roghanna inghlactha eile seachas cáilíocht dara leibhéal sa Mhatamaitic**

- Grád pas sa Mhatamaitic a gnóthaíodh sa Scrúdú Máithreánaigh (a bhí ann go dtí 1992).
- Grád fiúntais (65-79%) nó grád gradaim (80-100%) a gnóthaíodh i gCúrsa Matamaitice CCÉ (QQI) Leibhéal 5 1833

**Scrúduithe GCSE agus GCE, Leibhéal AS agus Leibhéal A** – tá na híosriachtanais leagtha amach in Aguisín 2.

## 3. Gnás Roghnúcháin

Nuair a shásaíonn iarratasóirí na híosriachtanais acadúla, déantar an roghnú ar bhonn Agallaimh Ghinearálta iomaíoch agus Béaltriail Ghaeilge iomaíoch. Seolfaidh an CAO ríomhphost chuig iarratasóirí incháilithe mar aon le nasc chuig an bhfoirm iarratais bhreise agus treoracha maidir le céimeanna riachtanacha eile. Cuirfear san áireamh san CAO iarratasóirí a thug le fios go bhfuil siad ag déanamh Scrúdú na hArdteistiméireachta/GC(S)E in 2023 mar 'incháilithe go sealadach' ar an mbonn nach mbeidh a dtorthaí iarbhír Ardteistiméireachta/GC(S)E ar eolas agus ar fáil ag Meán Fómhair 2024.

Is é an spriocdháta chun an fhoirm iarratais chomhlánaithe fhorlíontach agus ceangaltáin a chur ar ais chuig an Institiúid/na hInstitiúidí ná **5.00 p.m. Dé Domhnaigh, 31 Márta 2024**.

Déanfar torthaí na dtrialacha seo a ghrádú agus pointí a leithdháileadh mar a leanas:

| | **Marcanna Iomlán atá ar fáil** | **Pasmharc** |
|---|---|---|
| Agallamh | 100 Marc | 40 marc |
| Scrúdú Béil | 40 Marc | 16 Marc |

Níl iarratasóirí ar theip orthu san Agallamh Ginearálta faoi dhó roimhe seo incháilithe don chomórtas. D'fhéadfadh go ndéanfaí cuid den Agallamh Ginearálta i nGaeilge.

Tá eolas ar an Agallamh Ginearálta agus ar an Bhéaltriail Ghaeilge ar fáil ó na hInstitiúidí Ardoideachais.

Cuirtear iarratasóirí a fhaigheann grád "teip" san Agallamh Ginearálta nó sa Bhéaltriail Ghaeilge as an gcomórtas. Cuirtear na hiarratasóirí eile in ord fiúntais bunaithe ar thorthaí an Agallaimh Ghinearálta agus an Bhéaltriail Ghaeilge le chéile.

Tá trí liosta ord fiúntais ar leith ann – liosta comónta amháin d'Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus don Roinn Froebel um Oideachas Bunscoile agus Luath-Óige, Ollscoil Mhá Nuad, ceann d'Institiúid Oideachais Marino, agus liosta ar leith do Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Má fhaigheann beirt iarratasóir nó níos mó na pointí céanna, cinnfear a socrúchán san ord fiúntais trí roghnú randamach.

Líonfaidh gach Institiúid a cuid áiteanna trí thagairt don liosta ord fiúntais ábhartha agus déantar tairiscintí tríd an CAO ag baint úsáide as an ngnáthphróiseas leithdháilte, ag oibriú síos trí roghanna an iarratasóra chun an rogha is airde a bhfuil teidlíocht ag an iarratasóir air a aimsiú, más ann dá leithéid.

Déanfar tairiscintí tríd an CAO i mBabhta A do roinnt iarratasóirí ardfhiúntais. Féadfar tairiscintí a dhéanamh trí Bhabhta 1 an CAO do na hiarratasóirí eile, lena n-áirítear iad siúd atá ag feitheamh ar thorthaí scrúduithe 2024. Más gá, féadfar tairiscintí a dhéanamh sna babhtaí ina dhiaidh sin. Tá dáta eisithe do thairiscintí Bhabhta A agus Bhabhta 1 le deimhniú fós ag an CAO. Beidh na dátaí seo agus dátaí tábhachtacha eile maidir le próiseas iarratais an CAO ar fáil ag an nasc seo: An Lár-Oifig Iontrála (cao.ie)

Tabhair faoi deara go mbeidh aon tairiscint faoi réir comhlíonadh na n-íosriachtanais iontrála. Tá tairiscint ó cheann de na hInstitiúidí atá liostaithe thuas faoi réir nach bhfaighidh an t-iarratasóir tairiscint níos airde ó Institiúid Ardoideachais tríd an CAO do chúrsa eile.

Éilítear ar iarratasóirí ar éirigh leo agus a ghlac le háiteanna dul isteach sna hInstitiúidí Ardoideachais san fhómhar (tá na dátaí féin ar fáil ó na hInstitiúidí ar leith). I dtosca speisialta, féadfar an dáta iontrála a chur siar ar feadh tréimhse theoranta, faoi rogha údaráis na nInstitiúidí.

## 4. Eolas Breise

**1. Inniúlacht sa Ghaeilge Labhartha:**

**1.1. Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht:** Caithfidh gach mac léinn a ghnóthaíonn áit ar chúrsa oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) freastal ar dhá shocrúchán sa Ghaeltacht. Dhá chúrsa coicíse atá i gceist le gach cúrsa. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur cuid **éigeantach** den chúrsa é seo. Beidh deontas iníoctha ag an Roinn Oideachais le mic léinn atá ar chláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí atá á maoiniú ag an Stát chun costais na socrúchán a chlúdach.

**1.2**. **Béaltriail Ghaeilge**: Ina theannta sin, ba chóir d’iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirfear béaltriail Ghaeilge ar mhic léinn ag deireadh na chéad bhliana dá gcuid oideachais tosaigh múinteoirí, agus nach mór dóibh pas a fháil sa triail sin chun dul ar aghaidh chuig an dara bliain den chúrsa. Féadfar, faoi rogha na hInstitiúide, cead a thabhairt do mhic léinn a dteipeann orthu sa bhéaltriail Ghaeilge sin an triail a dhéanamh arís.

**2. Deontas Mac Léinn:**

Is é SUSI (Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn) údarás aonair náisiúnta bronnta na hÉireann i dtaobh na ndeontas uile ardoideachais agus breisoideachais. Moltar do mhic léinn iarratas deontais ar líne agus é comhlánaithe go hiomlán a chur faoi bhráid SUSI ionas gur féidir a n-incháilitheacht maidir le cúnamh deontais a mheas. Táthar ag súil go n- osclóidh Scéim 2024/25 i gcomhair iarratas i mí Aibreáin 2024. Tá tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Deontais do Mhic Léinn ar fáil ar shuíomh gréasáin SUSI ag www.susi.ie.

**3. Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:**

**3.1. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána***:* Sula bhféadfaidh Institiúid Ardoideachais clárúchán mic léinn a chur i gcrích; éilíonn an Institiúid Ardoideachais ar gach mac léinn nua atá ag gabháil d'oideachas múinteoirí dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána d'fhonn a fháil amach an bhfuil aon chiontú acu nó cúiseamh coiriúil ar feitheamh. I gcás go ndearbhaíonn an próiseas sin go bhfuil a leithéid ann, cuirtear an cheist faoi bhráid Coiste Grinnfhiosrúcháin laistigh den Institiúid Ardoideachais a chinneann an féidir leis an mac léinn leanúint dá c(h)lár staidéir.

**3.2. Riachtanais Leighis agus Míchumais:** Éilíonn roinnt Institiúidí Ardoideachais go ndéanfadh gach mac léinn oideachais múinteoirí foirm eolais leighis a chomhlánú, ina léirítear cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon tinnis nó míchumais shuntasacha leanúnacha ag cur as dóibh a d'fhéadfadh cur isteach ar a n-inniúlacht maidir le riachtanais an chúrsa a shásamh, lena n-áirítear Socrúchán Scoile. Déanfar iontrálaithe a fhógraíonn riochtaí suntasacha sláinte, míchumais nó riochtaí síceolaíochta a mheas ar bhonn aonair chun a mheas an mbeadh an cumas acu, le socruithe réasúnta, éilimh an chláir a ghlacadh orthu féin. Ní dhéanfar daoine aonair a eisiamh toisc go bhfuil riocht nó míchumas ar leith acu má mheastar gur dócha go mbeadh sé indéanta ag an duine sin riachtanais an chúrsa a shásamh le socrú (socruithe) réasúnta. Cuirfidh na hInstitiúidí comhairle ar mhic léinn maidir leis an nós imeachta atá le leanúint ina leith seo.

**4. Bealach Iontrála Gaeltachta**:

Féadfar suas le deich faoin gcéad de na háiteanna ar chlár an Bhaitsiléara Oideachais a choinneáil d'iarratasóirí ón nGaeltacht

Ní mór d'iarratasóirí ar mian leo cur isteach ar an m**bealach Iontrála Gaeltachta go dtí an B.Ed bunleibhéal (trí mheán an Bhéarla)** an dá chritéar atá liostaithe thíos a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i Ciorclán 34/2021 Nuashonrú ar na Critéir Iontrála do Bhealach Iontrála na Gaeltachta sa Bhaitsiléir Oideachais Bunscoile (trí mheán an Bhéarla).

(a) Cónaí a bheith orthu i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta **agus**
(b) H3 ar a laghad a ghnóthú i nGaeilge na hArdteistiméireachta

Taobh amuigh den riachtanas an dá chritéar atá liostaithe thuas a chomhlíonadh, ní mór d'iarratasóirí na gnáthriachtanais eile ar fad maidir le hiontráil sa B.Oid. Bunscoile a chomhlíonadh mar aon le haon riachtanais mháithreánaigh atá i bhfeidhm ag an IAO a bhfuil said ag cur isteach uirthi.

**5. Institiúid Oideachais Marino – Baitsiléir Oideachais trí Mheán na Gaeilge (Múinteoireacht Bhunscoile)**

Is cúrsa 4-bliana in oideachas tosaigh múinteoirí trí mheán na Gaeilge é an Baitsiléir Oideachais trí Mheán na Gaeilge (Múinteoireacht Bhunscoile) ag Institiúid Oideachais Marino a thosaigh i Meán Fómhair 2019. Tá an cúrsa seo mar chuid d'fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2023.

Fáiltítear roimh iarratais ó mhic léinn lánfhásta don chúrsa thuas tríd an Lár-Oifig Iontrála (cóid chúrsa na Lár-Oifige Iontrála: CM003/CM004). I measc na n-íosriachtanas don chúrsa seo tá H3 i nGaeilge na hArdteistiméireachta. Mar aon leis an híosriachtanais iontrála, caithfidh iarratasóirí 50% nó níos mó a ghnóthú sa scrúdú Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) Leibhéal B1. Ba chóir d'iarrthóirí nach bhfuil sé déanta cheana féin acu cur isteach ar an scrúdú sin faoin **Luan 29 Eanáir**. (féach: www.teg.ie/oid).

Beidh ar iarratasóirí Foirm Faisnéise Breise do Mhic Léinn Lánfhásta a chomhlánú freisin agus í a sheoladh ar ais go díreach chuig an Oifig Iontrála, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9 faoi **5.00 p.m. Dé Domhnach 31 Márta 2024**. Beidh ar iarrthóirí incháilithe agallamh ginearálta agus Béaltriail Ghaeilge a dhéanamh agus roghnófar iad ar bhonn iomaíoch. Tá sonraí iomlána faoin gcúrsa seo ar fáil ar líne ag www.mie.ie/oid.

## Aguisín 1

## Institiúidí Ardoideachais – Sonraí Teagmhála

**Institiúid Oideachais Marino**
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9
**Teileafón:** (01) 805 7742
**Ríomhphost:** admissions@mie.ie
**Suíomh gréasáin:** www.mie.ie

**Roinn Froebel don Bhunoideachas agus don Oideachas Luath-Óige**
**Ollscoil Mhá Nuad**
***Má Nuad***
***Co. Chill Dara***
**Teileafón:** (01) **4747400**
**Ríomhphost:** froebel.department@mu.ie
**Suíomh gréasáin:** www.maynoothuniversity.ie/froebel-department-primary-and-early-childhood-education.

**Coláiste Mhuire gan Smál** An Cuarbhóthar Theas
Luimneach
**Teileafón:** 061 204348/061 204929
**Ríomhphost:** admissions@mic.ul.ie
**Suíomh gréasáin:** www.mic.ul.ie

**Institiúid Oideachais OCBÁC**
OCBÁC Campas Choláiste Phádraig,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9.
**Ríomhphost**: ioe@dcu.ie
**Suíomh gréasáin:** www.dcu.ie

## Aguisín 2

### Íosriachtanais Acadúla i Scrúduithe an GCSE agus an GCE Leibhéal AS agus Leibhéal A d'iontráil ar an gCúrsa Céime don Bhaitsiléir Oideachais

**Ginearálta**

- Ní mór sé ábhar a chur i láthair, trí cinn acu ar a laghad ar an GCE Leibhéal A agus na hábhair eile ar Leibhéal GCE AS nó GC(S)E. Ní mór Gaeilge, Béarla agus Matamaitic a bheith san áireamh sna sé ábhar.
- Ní fhéadfar ábhar a chomhaireamh ach amháin ó cheann de na scrúdaithe, GC(S)E, GCE Leibhéal AS nó GCE Leibhéal A.
- Ní ghlacfar ach le hábhair a rinneadh in aon iarracht amháin de scrúdú ar leith, GC(S)E, GCE Leibhéal AS nó GCE Leibhéal A. Meastar gur cuid den iarracht chéanna iad scrúduithe a dhéantar sa bhliain acadúil chéanna..

**Sainriachtanais sa Ghaeilge, sa Bhéarla & sa Mhatamaitic**

- Grád C ar GCE Leibhéal A i dtrí cinn d'ábhair ar a laghad, an Ghaeilge san áireamh
- Grád C ar Leibhéal GC(S)E sa Bhéarla agus i Litríocht an Bhéarla araon, nó Grád B ar Leibhéal GC(S)E sa Bhéarla nó i Litríocht an Bhéarla.
- Grád D ar Leibhéal GC(S)E sa Mhatamaitic Bhreise nó Grád C ar Leibhéal GC(S)E sa Mhatamaitic
- Grád C in ábhar amháin eile ar leibhéal GC(S)E

Ní mór d'iarratasóirí riachtanais mháithreánaigh na hOllscoile lena bhfuil an Coláiste Oideachais cleamhnaithe a shásamh.

## Aguisín 3

## Scéimeanna Grádaithe na hArdteistiméireachta
## (Scéim 1992-2016 agus Scéim Nua 2017)

| Scéim 1992 – 2016 | % a Bronnadh | An Scéim nua ó 2017 ar aghaidh | % a Bronnadh |
|---|---|---|---|
| A1 | 90-100 | H1 / O1 | 90-100 |
| A2 | 85<90 | H2 / O2 | 80<90 |
| B1 | 80<85 | | |
| B2 | 75<80 | H3 / O3 | 70<80 |
| B3 | 70<75 | | |
| C1 | 65<70 | H4 / O4 | 60<70 |
| C2 | 60<65 | | |
| C3 | 55<60 | H5 / O5 | 50<60 |
| D1 | 50<55 | | |
| D2 | 45<50 | H6 / O6 | 40<50 |
| D3 | 40<45 | | |
| E | 25<40 | H7/O7 | 30<40 |
| F | 10<25 | H8/O8 | 0<30 |